Cloiċeannaola

Ḃí bliain an tairḃeaċ ag Coiste Forbairte an Fálċarraċ," adúirt Seosaṁ Mac an Ultaiġ, F.C. rúnaí ag an cruinniú cinnbliana nuair a toġaḋ oifigí don bliain seo: Cataoirleaċ, Seán Mac Aoḋa, cisteoir, Seán Ó Ceallaiġ; rúnaí, Seosaṁ Mac an Ultaiġ. Coiste, Seán Ó Mióċáin, Aoḋ Mac Lafartaiġ, Seán Ó Connaċáin, Éamonn Mac Aoiḋ, O.S., Liam Mac Meanmain, O.S., Séamas Ó Canainn, Niall Ó Ceallaiġ, Pádraig Ó Baoill, Pádraig Ó Gráḋaiġ, Seán Óg Mac Aoḋa.

Tugaḋ ard ṁolaḋ do na hoifigiġ as a gcuid oibre anuraiḋ i gComórtas Glór na nGael, méadú scolaireaċta meánscol, forbairt turasóireaċta, gríosaḋ do córas uisce poiblí, do úsáid ṫairbeaċ, Coláiste Bríde, don stáisiún tine, deisiú bóiṫre, riṫ an taispeántas talṁaíoċta, lorg leaṫnú na gairmscoile, comoibriú le Coláiste Naoṁ Finnéin agus stiúraḋ céiliṫe, feis áitiúil, coirmeaċa ceoil, díospóireaċta, tráṫ ceiste, agus sraiṫ cluiċí. Ard ṁolaḋ dóiḃ uile.

Ḋá uair i gcaiṫeaṁ na bliana iarraḋ go nglacfaḋ an Taoiseaċ agus Aire na Gaeltaċta le toscaireaċt ó'n Ċoiste Forbarta fá obair a ċur ar fáil sa ċeantar aċ níor glacaḋ leis an toscaireaċt.

Cúis bróin sa ċeantar bás Seáin Ṁic Gonigail, Arda Beag, Diardaoin, in aois a 50 bliain. Ċuaiġ torraṁ mór leis Dia Saṫairn go roilig Naoṁ Muire, Gort a' Ċoirce, áit ar dúirt an tAṫair Ó Breisleáin na paidreaċa ag an uaiġ.

Ḃí aonaċ iontaċ beag i nGort a' Ċoirce an ṁí seo aċ lean na luaċa go hard.

Nuaíoċt as na Dúnaiḃ

Ní fada uainn anois an t-am a ḃfeicfear an "beain-spéire" ag éirí nó ag tuirlingt ar ṫrá ṁóir Ċuan na Long. Tá suim mór á ċur ṫart fá'n ċeantar seo insan nuaíoċt a ḃí ar ċuid de ṗáipéir na Sasana fá ḋróú ċúpla milliún punta a fuair Short and Harland i mBéal Feirste ó ċomlaċt terlingis ins na Sé Ċondaete — an "Emerald Airways" Ltd. (i mBaile Meánaċ) a ḃfuil bunṡuíoṁ orṫu ar Loċ Éirne, in aice le Inis Ceiṫleann. Tá sé eitleán, 18-suíoċáin, á ndéanaṁ fá ċoinne an ċomlaċta seo — agus raon 300 míle, ag gaċ ceann cau. Tá socraiṫe go mbeiḋ na heitleáin ḃeaga seo iontaċ oiriúna mar cóir-iompair do ḟoineann-peile nó, buíon - ċeoil nó a leiṫéidí i airstrip-eanna acu in áiteanna mar Eglinton (Co. Ḋoire), Dún Mór Toir, Béal na Sionainne, Gaillim agus Ros na mBeann (Rosapenna, anseo ins na Dúnaiḃ).

Ar an tseaċtain seo a ċuaiġ ṫart, ċeannaiġ comlaċt éigin as Sasana ceann de an trí feirmeaċa atá ag Éamon Ó Coḋla, i Maċaire Gaḃragáin, ins na "Sandy Hills" cois Ċuan na Long —agus, indiaiḋ comráití fada le bliain nó ḋó, ṫug Neo isteaċ go nglacfaḋ sé £25,000 ar na méilte bána seo naċ ḃfuil mórán ag fás orṫu 'maċ ó'n ṁuirníneaċ! Agus fuair sé an t-airgead mór — díreaċ mar rinne a ċomarsa in Ard na gCorr, Seoirse Speer, anuraiḋ nuáir a fuair seisean ṫart fa £16,000 ar ḟeirm ċois na trá — fá ċoinne suíoṁ - caraḃan, deirtear, agus ní fada go dtosnófar ar an obair ċéanna. Agus deir an tseanṁuintir go ḃfuair gar-aṫair Éamonn talaṁ Maċaire Gaḃragáin ó Ṫiarna Liaṫdroma ar ċéad punta! Aċ ní raḃ iomrá ar biṫ ar eitleáin nó caraḃáin insan am sin.

Cé naċ ḃfuil sé aċ na cúpla seaċtain ó d'imiġ Simón Ṗadaí Simón Ó Gallċoḃair as Doire Ċasáin, go hAlbain, ṫárla an taisme dó go tobann agus go tuata — gur briseaḋ sciaṫán leis agus gurḃ eigean trí greim ḋéag a ċur ins an ceann eile. Aċ buíoċas do Ḋia, ṡeasaiġ sé amaċ go maiṫ é, agus tá biseaċ fónta ag teaċt air, cluinimíd.

Fear eile a dtáinig an tubáiste ina ṫreo ar na mallaiḃ: Miċí Ṗadaí Éamon Mac Giolla Ḃríde as Gort na Luċóg, a ṡleaṁnaiġ ⁊ é ag dul i n-airde ar a roṫar ag bun na mala in aice le scoil a' Ṁioḃaí. Ṫit sé agus briseaḋ an cnáṁ-géill i dtrí áit, deirtear—gurḃ éigean é a ċur ċun ospidéil i mBaile Áṫa Cliaṫ, an áit ar ċaiṫ sé na naoi lá sul ar tugaḋ arais ċun an baile: biseaċ breá ag teaċt ar Ṁicí — agus é ag tarraingt ar aois an tseanṗinsin.

Ídiú Cósta

Sa Dáil, d'fiafraiġ Pádraic Ó Doṁnaill, T.D. den Aire Airgeadais, an dtaḃarfaḋ sé údarás fá ċoinne na scéimeanna cosaint cósta ó Ċoṁairle Ċondae Ḋún na nGall, agus cé'n uair a ṫaḃarfaḋ.

D'ḟreagair an tUasal Ó Máille, rúnaí pairliminte don Aire Airgeadais, go ḃfuarṫas scéimeanna fá cosaint an ċósta ó Ċoṁairle Ċondae Ḋún na nGall do Ros Nuala, Máiġ Ṁile. Bun-crana, Maċaire Raḃartaiġ agus Ard Mór-Ard Beag. Ḃí cuid ṁór fiosrúċáin le déanaṁ faoi an Aċt, agus ní ṫiocfaḋ leis a rá go cinnte cé'n uair a ḃéarfaí údarás. Ros Nuala agus Máiġ Ṁile ab' ḟaide ar aġaiḋ. Agus réiteófaí na cásanna eile ċom lua agus a d'ḟéadfaí.

Iontas Dáiríre

Ċeannaiġ Seán Óg Bíobla beag deas mar ḃronntanas do na ṁáṫair mór don Nollaig. Ba ṁaiṫ leis rud éigin a scrí air aċ ḃí sé i ḃpunnc ná ní ṫiocfaḋ leis cuiṁniú ar rud ar biṫ fóirsteineaċ. Ansin smaoitiġ sé go raiḃ leaḃraí deasa ag a aṫair a ḃíoḋ sé go minic á dtiaspeáint do na ċáirde, go brodúil agus iad réiḋ aige anois le rud éigin scríofa ar ċuile ceann aca. Rinne Seán suas a intinn cóip de ċeann aca a ḟáil do féin le scrí.

Maidin Lae Nollag ní raiḃ ann aċ é nár ṫit an ṁáṫair mór i laige nuair a léiġ sí an líne deas néata, scríofa ar an bíobla úr, a fuair sí mar ḃronntanas; "Do Ġránnaí, le deaġ-ġuí an údair."

Cuan Baile Caisleán Béara

Ag freagairt ceiste sa Dáil ó M. P. Ó Murċú, dúirt an tUasal Ó Máille, gur críoċnaíoḋ neartú an ċéiḃ adṁad ag baile Ċaisleán Béara agus gur tosaíoḋ ar an obair dredseáile i mí Feaḃra, ⁊ go leanfaí de go ceann cúpla mí eile. Ḃí an deacraċt fá ċeannaċ píosaí den ċladaċ ag coiméad siar an príoṁ obair insan ċuan, agus ḃí beartaíoċt ar siúl faoi an ċeist sin.

Coiṁlint Géar i Muiġeo

Tá sé fógraiṫe go mbeiḋ Pádraic S. Ó Loingsiġ, iar-Aire Gaeltaċta, ina iarratóir do Ṁuiġeo Ṫuaiḋ, ṫar ċeann Fine Gael. Ḃí sé na T.D. don ċeantar seo ag feaḋ tréiṁse aċ ċaill sé a ṡuíoċán san toġċán deireannaċ agus ċuaiġ sé san tSeanad, áit a ḃfuil sé ina Leas-Ċataoirleaċ.

Beiḋ Miċeál de Brúin. mar coṁ-iarratóir leis, agus ċom maiṫ leis sin, beiḋ an tUasal Ó hEaḋra, a ḃíoḋ ina iarratóir do Ċlann na Talún, agus a fuair suas le 4.000 ḃótaí insan toġċán deireannaċ, beiḋ sé anois ar ticéid Ḟine Gael.

Idir an triú acu, beiḋ beagnaċ ḋá gnó líon acu, agus is cinnte go ḃfágfaiḋ sé coiṁlint an ġéar ar fad do na trí suíoċáin i Muiġeo Ṫuaiḋ. Ḃí timpeall 13000 ḃótaí ag Fianna Fáil insan Dáil Ċeantar seo an t-am deireannaċ agus ċom maiṫ leis sin, is dóċa go raiḃ roinnt ḃótaí Fianna Fáil ag Seosaṁ Ó Líonaċán. Le Seosaṁ Ó Líonaċán ar ṫicéad Fianna Fáil, tá sé beagnaċ cinte go ḃfaiġfí sé isteaċ, cé go mbeiḋ an coiṁlint géar go leor. Is deacair a ṁeas cad é an méid ḃótaí uiṁir 1 a ṫógfas triú fear Fianna Fáil aċ meastar gur Feilim Mac Giolla Laoġaire, Pádraig Ó Loinsiġ agus Seosaṁ Ó Líonaċán a líonfas áiteaċa Ṁuiġeo Ṫuaiḋ.

Mar Ḃí

Mar ḃí ó túis, mar atá anois— an scéal i dTírċonaill Ṫiar Ṫeas. Coiṁlint céanna idir Fianna Fáil agus Fine Gael. Beirt as triúr ag Fianna Fáil i dtolaṁ aċ ṫug Caṫal Ó Gallċoḃair rása cruaiḋ dóiḃ an t-am deiriḋ. Níl sé sa coiṁlint aċ tá beirt eile piocaiṫe ag Pa. Fear snoṫa as Béal Áṫa Seanaiġ, De Faoite, a ḃfuil ard ṁolaḋ air agus Ó Réadaiġ le ḃóta an taoḃ ṫoir a ċriunniú. F.G. an-dóċasaċ. San am ċéanna meastar go mbeiḋ an triúr ċéanna Seosaṁ Ó Braonáin, Pa Ó Doṁnaill agus Cormac Ó Breisleáin istiġ tar-éis an toġaċáin.

Ní Orrainn an Loċt

Is oċ linn go mór go ḃfuil orainn an t-eagrán seo a ċur amaċ le 6 leaṫanaiġ in ionad 8 leaṫanaiġ agus an dreaċt poiliṫíoċta le fearfeasa, roint ṁaiṫ tuairiscí poiliṫíoċta ar na Dáilċeantair Gaeltaċta agus nótaí nuaíoċta óna Gaeltaċta fá leiṫ a ḟágáil as de ḃarr moill a cuireaḋ ar ár gcoṁfreagarṫas sa ṗost. Is trua linn seo aċ ní orainn atá an loċt. Íocann muid breis agus £10 sa tseaċtain ar ṗostas aċ ina aineoin sin ní féidir linn coṁoibriú a ḟáil ó údaráisí an ṗoist agus níl aon ċinteaċt againn ó lá go lá go seaċadófar litreaċa de réir clár tráṫ oifig an poist féin fiú.

Beiḋ traċtaireaċt poiliticiúil agus nuaíoċt toġaċáin againn an tseaċtain seo ċugainn.

Cá Raġaiḋ Ḃótaí Sinn Féin

I nDáil Ċeantar Ċiarraí Ṫeas atá Corca Ḋuiḃne ċom maiṫ le Uiḃ Raṫaċ. Na hiarratóirí céanna ag Fianna Fáil, Dn. Uí Cruaḋlaoiċ agus Taḋg Ó Concuḃair. Coṁ maiṫ le Pádraig Ó Conċuḃair tá fear nua ag Fine Gael agus fear a ḃfuil ardṁeas air i gCorca Ḋuiḃne. An dtarraingeoiḋ sé mórán de ḃótaí na Gaeltaċta — sin ceist. Ceist eile, cá raġaiḋ ḃótaí Sinn Féin. Ḃí suíoċán ag John Joe Rice anseo dóiḃ agus ḃeaḋ tionċar mór ag a gcuid ḃótaí ar an scéal idir F.F. agus F.G.

I gCiarraí Ṫuaiḋ iarraċt mór á déanaṁ ag Dn. Uí Eictiġeirn le suíoċán a fáil. An mbainfiḋ sí an suíoċán de Ó Fionnúcáin — inseoimíd sin an tseaċtain seo ċugainn.

Fir Nua i nGaillim

Tá an seana coṫrom briste suas ar fad i nGaillim agus tá an scéal ana oscailte. An seana beirt céanna ag Fine Gael, Fintan Ó Cuagain agus Seanadóir Ó Mainín aċ ċom maiṫ le sin an triú fear acu breaṫnaċ as Rosmuc. Gearóid Mac Parṫálain imiṫe ó Fianna Fáil. Pádraig Seoiġe ina iarratóir ċom maiṫ le Seán Mac Eoċagáin. Ċuile seans go scoiltfiḋ siad ḃóta Conamara eattora. Fear anaṫoid na polaitíoċta Riobard Ó Maolṁuaiḋ as Boṫar na Trá. Aċ scéal cinte go ḃfuiġiḋ sé ḃóta na caṫraċ. Ní fiú beiṫ ag caint ar Clann na Poblaċta (Mac an Iomaire) agus Luċt Oibre (Mac Gabann) cé go dtógfaiḋ siad breis as trí ṁíle ḃótaí eattorra. Beiḋ tionċar ag a ndara roġa roiṁ deire. Coiṁlint deiriḋ idir F.F. agus F.G. agus an scéal gan aṫrú tar éis an tsaoil is dóċa.

Comórtaisí

Aistí na seaċtaine seo:
Sinsir:
Polaisí na bPairtiṫe Politiceaċ.
Sóisir;
Aoiḃinn beaṫa an scolaire
Ḃíos ag déanaṁ léinn
Is follus ḋíḃ a ḋaoine
Gur ḋó is aoiḃne i nÉirinn.
Bunscoltaċa
Mo Gairdín.

Aistí máille le cupón ón eagrán seo le cur sa ṗost roiṁ Aoine 2-4-65.

Aistí na seaċtaine seo ċugainn:
Sinsir:
Deaċtóraċt agus Daonḟlaṫas.
Sóisir
Lá an Toġaċáin.
Bunscoltaċa:
Lá na Ḃótála.

Duaiseoirí

1. Caitlín Ní Raiṫḃeartaiġ, Scoil Ṁuire, Baile an Ṁota.
2, Treasa Nic an Abba, Scoil Ṁuire, Eadan Doire.
3, Eiḃlín Ní Scanlain, Baile an Ṁota.

Cupón

Amáraċ 26-3-1965.

Muintir na Gaeltachta a d'fhoillsigh. "Democrat", Tír Chonaill, Clóbhualadh.

Gleannḃarr

Ḃí'n lá roiṁré gaoṫaċ, giobaċ agus an lá 'na ḋiaiḋ fliuċ, garḃ aċ idir an dá lá sin ḃí Lá 'le Pádraig ar ḟeaḃas ar fad, ciúin, socair, te grianṁar sa taoḃ seo den tír. Ḃí cruinniú an ṁór ag an teaċ ṗobail ar maidin agus bunus dá raiḃ i láṫair ag an Aifreann ag Comaoineaċ Naoṁṫa. Ṫáinig slua an ṁór go dtí an Ġleann leis an turas a ḋéanaṁ ag Tobar Pádraig. Táṫar de ḋéanaṁ an turas seo leis na ceadtaí bliain. Deirtear go ḃfuil leiġeas i n-uisce an tobair. Níl teaċ ar biṫ sa ṗaróiste gan buideál de uisce Ṫobair Pádraig.

Ḃí brón ar fud an ṗaróiste nuair a ċualaṫas go raiḃ Seosaṁ Ó Grianna as Na Mínte marḃ. Cé go raiḃ sé breoite riṫ a ṡaoġal diomċar sé a ċrois go foiġdeaċ. Ní raiḃ sé aċ 59 bliana nuair a fuair sé bás. Indiaiḋ Aifreann na Marḃ ḃí tórraṁ an ṁór leis go dtí Reilig Ġleannḃarr. An tAṫair Mac Giolla Cearra, S.C., a léiġ Aifreann na Marḃ agus a dúirt na paidreaċa os cionn na huaiġe.

Tá'n ċuid is mó de na daoine a ṫigeas go dtí teaċ ṗobail Gleannḃarr as an Ġalltaċt, aċ, d'ainneoin sin ba ṁo agus ba ṡoiléire i ḃfad a ḃí an Ġaeilge le cluinstin no an Béarla ins na freagarṫa ag an Aifreann ar an Doṁnaċ seo ċaite; go h-áiriṫe na páistí scoile, ḃí siadsan ar ḟeaḃas ar fad. Tá seo na ċruṫú ar an dea-ṫeagasc a fuair siad sa scoil ó'n ṗríoṁ oide D. Uas. Mac Ḟionnġaile, O.S., agus ó'n ċúntóir Iníon S. Nic Eiteagáin, O.S.

Ar an aonaċ ḋeireannaċ ar an Ċeaṫrúin Ċaoil dálta an aonaiġ ar a' ṁí as ċuaiġ ṫart. Ḃí an t-éileaṁ lag aċ na luaċa go h-an árd. Cuir i gcás: ba ionlaiġe ó £65-£75; ba stóir ó £55-£65; gaṁna óga ó £25-£35; pigíní, sé go dtí oċt seaċtaine ṫart fá £4 an ċeann. Mar ċruṫú ar luaċa árda díol Éamonn Ṁac Closcaiḋ as Tír a' Leadáin gaṁain aon lá d'aois ar £40.

Tá'n ceantar seo sa ċruṫ le madaiḋ ruaḋa na dtig le bean tiġe san áit a cuid cearc a leigeant as aṁarc óir ní luaiṫe a leigeann nó tá siad sciobṫa ag an ṁadaḋ ruaḋ. Ceann tuí atá ar ċró cearc Ḋónaill Uí Ḟeirriḋ as Annaiġ. Cúpla oíċe ó ṡoin ḃris madaḋ rua poll sa díon. Isteaċ leis. Ḃí 32 de eireoġaí ḃreaġa óga indiaiḋ ṫoiseaċt a ḃreiṫ sa ċró. Ṁarḃuiġ sé an t-iomlán aċ cé gur éiriġ leis a ḃealaċ a ḋéanaṁ isteaċ ní ṫiocfaḋ leis ḟáil amaċ. Nuair a d'oscail Bean Dónall doras an ċró ar maidin ċonaic sí an t-ár millteanaċ a ḃí déanta agus an scriostóir a rinne an t-ár na laiġe cuaċta istiġ i gcóirneál ḋorċa de'n ċró. Leiṁ sé na ṡuí agus ṫug sé iarraiḋ ar an doras aċ ḋruid Bean Ḋónaill an doras san aġaiḋ air. Ṫáinig fear de na coṁarsanaiġe le gunna agus ċaiṫ seisean an madaḋ rua aċ ḃí'n ċaill ṫrom déanta.

Gluaisteáin agus Cáin

Ḃí 6,973 gluaisteáin i nDún na nGall in 1955, aċ ḃí sé sin méadaiṫe go dtí 9,239 i 1959, agus 14,090 anuraiḋ. B'iad na figiúirí céanna do Ġaillim ná 7,882 in 1955, 9,844 in 1959 agus 14,854 in 1964. Ḃí 6,451 i gCiarraí in 1955, 8,678 in 1959 agus 13,439 in 1964. In Ṁuiġeo ḃí 5,688 in 1955, 7,243 in 1959 agus 10,347 in 1964. Ba é an cáin a bailíoḋ ins na condaeṫa sin óna gluaisteáin sin, ná £248,047 i nDún na nGall; £288,063 i nGaillim; £230,410 i gCiarraí agus £203,100 i Muiġeo in 1964.